

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

EUROPEAN DATA PROTECTION SUPERVISOR

Tá tuilleadh sonraí faoin MECS ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag http://www.edps.europa.eu.

Is féidir clárú dár nuachtlitir ar an láithreán gréasáin freisin.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2019

© Grianghraif: iStockphoto/MECS & An tAontas Eorpach

© An tAontas Eorpach, 2019

Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil.



| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-9242-537-1 | ISSN — | doi:10.2804/03295 | QT-AB-20-001-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-9242-478-7 | ISSN 1831-0648 | doi:10.2804/001658 | QT-AB-20-001-GA-N |
| HTML | ISBN 978-92-9242-510-4 | ISSN 1831-0648 | doi:10.2804/418818 | QT-AB-20-001-GA-Q |

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

European Data Protection Supervisor

# Réamhrá

D’fhéadfaí cur síos ar an mbliain 2019 mar bhliain idirthréimhseach, ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain araon.

Ba bhliain í ina bhfacthas don saol mór faoi dheireadh an fhírinne leis an ngéarchéim aeráide, agus inar éilíodh gníomhaíocht ó rialtais agus ó dhaoine aonair. Rannchuidigh MECS leis an gcomhrá, agus díospóireacht á sheoladh agus maidir leis an ról a d’fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí atá ag teacht chun chinn leis an bhfadhb a ghéarú agus a fhuascailt araon.

Ba bhliain í ina bhfacthas éirí amach i Hong Cong chun iad féin a chosaint i gcoinne taobh dorcha na teicneolaíochta, rud a d’oscail súile an domhain do na contúirtí a bhaineann le réchúiseacht agus leis an gcinnteachas teicneolaíochta. D’éirigh púicíní na léirsitheoirí ina siombail de thabhairt dúshláin ar fud an domhain i gcoinne úsáid na dteicnící faireachais agus tháinig an díospóireacht chuig lár an aonaigh san Eoraip, agus ceannairí agus lucht ceaptha beartais san Aontas Eorpach ag díriú ar mheastóireacht na dlíthiúlachta agus na moráltachta d’úsáid na dteicneolaíochtaí aghaidh-aitheanta.

Chonacthas go leor athruithe san Aontas Eorpach sa bhliain freisin. Parlaimint úr, Coimisiún úr agus fiú amháin MECS úr ag glacadh seilbhe ar oifig (cé go raibh seanaithne orthu!), agus tosaíochtaí agus peirspictíochtaí nua ag teacht isteach leo. Agus béim shoiléir ar bharr chlár an Aontais á leagan ar fhreagra éifeachtach a fhorbairt do dhúshláin dhigiteacha, is léir go mbeidh roinnt blianta gnóthacha os comhair MECS agus ár gcomhghleacaithe ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB)!

Agus reachtaíocht nua ann anois maidir leis an gcosaint sonraí san Aontas Eorpach, is é an dúshlán is mó a bheidh romhainn amach sa bhliain 2020 chun a áirithiú go dtagann na torthaí ionchasacha de bharr na reachtaíochta sin. Áirítear leo sin a áirithiú go bhfanfaidh rialacha nua maidir le ríomh-Phríobháideachas go mór ar chlár an Aontais Eorpaigh. Is mó ná riamh í an fheasacht faoi na saincheisteanna timpeall ar chosaint sonraí agus príobháideachas, agus faoin tábhacht a bhaineann le cosaint na gceart bunúsach sin, agus ní féidir linn ligean don fhuinneamh sin chun meathlú.

I gcás MECS, áirítear leis sin an iarracht leanúnach chun na caighdeáin is airde i gcleachtadh na cosanta sonraí a chothabháil ar fud gach institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht AE. Agus súil á caitheamh i dtreo thoghcháin Pharlaimint na hEorpa i mí na Bealtaine 2019, d’oibrigh MECS agus údaráis chosanta sonraí AE eile (ÚCSanna) go crua chun feasacht a spreagadh faoi na contúirtí a bhaineann le hionramháil ar líne, idir laistigh agus lasmuigh d’institiúidí AE, rud a chuidigh lena áirithiú nár tharla aon rud as bealach le linn na dtoghchán féin. Rinneamar tuilleadh fiosrúcháin anuas air sin maidir le húsáid an chomhlachta NationBuilder ag an bParlaimint chun a láithreán gréasáin toghcháin a bhainistiú, chun a chinntiú go mbíonn dóthain cosanta ag sonraí saoránach nuair a bhíonn siad idir lámha ag institiúid AE.

Ba le fiosrúchán eile le MECS, sna comhaontuithe conarthacha idir na hinstitiúidí AE agus Microsoft, a cuireadh chun cinn an tsaincheist a bhaineann le hardcheannas digiteach an Aontais Eorpaigh. Níl amhras ar bith ann go gcoinneoidh idir MECS agus AE trí chéile ag taisceáladh an limistéir sin sna blianta beaga amach romhainn, agus an Eoraip ag iarraidh a cur chuige uathúil agus neamhspleách féin a fhorbairt i leith na réabhlóide digití.

Is mór an peaca go mbeidh orainn é sin a dhéanamh gan aon chuidiú ó dhuine de na hurlabhraithe is mó ón bpobal cosanta sonraí a bhí i bhfabhar dínit an duine a chosaint agus a chur chun cinn.

Ba smaointeoir é Giovanni Buttarelli a raibh fís aige i réimse na cosanta sonraí agus níos faide i gcéin, a bhí i gceannas ar MECS mar Mhaoirseoir agus Maoirseoir Cúnta le beagnach deich mbliana anuas. Múnlaíodh an chosaint sonraí ar fud an Aontais Eorpaigh agus ar fud an domhain lena ghníomhartha agus lena éachtaí i gcaitheamh a ghairmréime. Tá an Tuarascáil Bhliantúil mar ómós dó agus dá fhís óna fhoireann; ar an Aontas Eorpach a thugann eiseamláir sa díospóireacht faoin gcosaint sonraí agus faoin bpríobháideachas sa ré dhigiteach.



**Wojciech Wiewiórowski**
*An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí*

# 2019 - Forléargas

Thángamar chuig deireadh an tsainordaithe mhaoirsigh chúig bliana ag MECS sa bhliain 2019, ar cuireadh tús leis le ceapachán Giovanni Buttarelli agus Wojciech Wiewiórowski mar MECS agus Maoirseoir Cúnta faoi seach thiar i mí na Nollag 2014. Ba thiar ag tús an tsainordaithe sin a d'fhoilsíomar Straitéis MECS 2015-2019, a d'fheidhmigh mar spreagadh dár saothar le cúig bliana anuas.

Díríodh ár saothar sa bhliain 2019 dá réir ar dhaingniú na n-éachtaí a tharla sna blianta roimhe sin, ar mheasúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh, agus tús a chur le sainiú na dtosaíochtaí don todhchaí.

Chuaigh MECS Giovanni Buttarelli ar shlí na fírinne i mí Lúnasa 2019 faraor. D'fhág sé oidhreacht ina dhiaidh lena múnlófar todhchaí MECS agus todhchaí na cosanta sonraí ar fud an domhain araon.

Cheap an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa an t-iar-Mhaoirseoir Cúnta Wojciech Wiewiórowski i mí na Nollag 2019 mar an MECS nua, agus chuir sé tús le saothar chun Straitéis MECS nua a shainiú don sainordú 2019-2024. Cuireadh deireadh leis an bpost mar Mhaoirseoir Cúnta i gcomhréir leis na rialacha nua maidir le cosaint sonraí sna hinstitiúidí AE.

Foilseofar an Straitéis MECS nua i mí an Mhárta 2020, agus is inti a shaineofar ár dtosaíochtaí agus cuspóirí do na blianta amach romhainn.

## 2.1 Tús a chur le ré nua i gcosaint sonraí

Chonacthas ceiliúradh chéad bhliain sa bhliain 2019 ar chreat nua an Aontais um chosaint sonraí. Ar cheann de na trí chuspóir a leagtar amach inár Straitéis 2015-2019 bhí tús a chur le ré nua do chosaint sonraí AE. Díríodh ár saothar sa bhliain 2019 dá réir ar rialacha nua a chur i gcleachtadh.

I gcás an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), chiallaigh sé sin tacaíocht leanúnach a sholáthar do rúnaíocht an Bhoird Eorpaigh maidir le Cosaint Sonraí (EDPB), agus rannchuidiú go hiomlán freisin mar bhall den EDPB. Agus é comhdhéanta de na 28 Ballstát AE údaráis chosanta sonraí (ÚCSanna) agus MECS, bíonn sé freagrach as cur chun feidhme comhsheasmhach an RGCS ar fud an Aontais Eorpaigh a áirithiú.

Ba mar bhall den EDPB a rannchuidíomar le roinnt tionscnamh sa bhliain 2019. Áiríodh leis sin saothar leis an EDPB chun an chéad Chomhthuairim MECS agus EDPB a léiriú, maidir le próiseáil sonraí othar trí líonra ríomh-Shláinte AE, maille le comhchomhairle a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa faoi fhreagra an Aontais d'Acht CLOUD i SAM, lena dtugtar an chumhacht d'údaráis forfheidhmithe dlí chun nochtadh sonraí a iarradh ó sholáthraithe seirbhíse SAM, is cuma faoin áit sa domhan ina stóráiltear na sonraí sin.

Bhí cothrom bliain amháin ann i mí na Nollag 2019 ó tháinig na rialacha nua maidir le cosaint sonraí d'institiúidí AE i bhfeidhm - arna leagan amach i Rialachán (AE) 2018/1725. Díríodh ár n-aird i gcaitheamh na bliana dá réir chun a chinntiú gurbh fhéidir le hinstitiúidí AE na rialacha sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Bhain leanúint ar aghaidh leis an dlúthobair le hOifigigh Chosanta Sonraí (OCSanna) sna hinstitiúidí AE leis sin, chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh agus chun plé a dhéanamh ar an gcaoi chun dúshlán ar bith a shárú, maille le leanúint ar aghaidh lenár gclár gníomhaíochtaí oiliúna um chosaint sonraí d'fhostaithe institiúidí AE.

@EU_EDPS

#EDPS training on new #dataprotection regulation for #EUinstitutions addressed to high-level management at @Europarl_EN - @W_Wiewiorowski stresses the importance of #transparency of operations and #accountability in the heart of #EU #democracy

Anuas ar an méid sin, chuireamar dlús freisin lenár ngníomhaíochtaí forfheidhmithe, agus leas a bhaint as na cumhachtaí a tugadh do MECS faoin Rialachán nua. D'fhógraíomar na torthaí i mí an Mheithimh 2019 mar shampla ónár gcéad bhabhta d'iniúchtaí cianda ar láithreáin ghréasáin institiúidí AE, agus aird á tarraingt againn ar roinnt limistéar inarbh éigean do na hinstitiúidí AE i gceist feabhsú a ghnóthú.

Ba limistéar amháin ina rabhamar cuibheasach gníomhach i gcaitheamh na bliana 2019 é stiúradh imscrúduithe i ngníomhaíochtaí próiseála sonraí na n-institiúidí AE. Sheol MECS ceithre fhiosrúchán sa bhliain 2019, inar tugadh aghaidh ar éagsúlacht saincheisteanna. Is í ár n-aidhm chun a chinntiú go mbainfidh tionchar buan dearfach leis na fiosrúcháin sin, chun comhar idir MECS na hinstitiúidí i gceist a threisiú, chun cleachtais chosanta sonraí na n-institiúidí AE a fheabhsú agus chun na leibhéil chosanta is airde a áirithiú do gach duine aonair.

@EU_EDPS

#EDPS investigation into IT contracts: stronger cooperation to better protect #rights of all individuals - Read the press release: europa.eu/!uk73nK

Is sampla cuibheasach maith den mhéid sin é ár bhfiosrúchán ar úsáid táirgí agus seirbhísí Microsoft ag institiúidí AE, ónar tháinig bunú Fhóram na Háige. Agus é ceaptha chun bualadh le chéile don dara huair go luath sa bhliain 2020, soláthraíonn an Fóram ardán comhphlé ar an gcaoi chun smacht a fháil ar ais thar na seirbhísí agus táirgí TF a thairgeann na soláthraithe seirbhíse TF móra, agus freisin ar an ngá chun conarthaí caighdeánacha a chruthú i gcomhar a chéile in ionad glacadh le téarmaí agus coinníollacha de réir mar a scríobhann na soláthraithe sin iad.

Tá reachtaíocht nua i bhfeidhm freisin le haghaidh dhá cheann de ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí an Aontais Eorpaigh. Tá MECS bunaithe agus seanbhunaithe faoin tráth seo mar an maoirseoir cosanta sonraí do ghníomhaíochtaí oibriúcháin ag Europol, an comhlacht AE le freagracht as tacaíocht a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát sa troid i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta tromchúisí agus na sceimhlitheoireachta. Ghlacamar cúraimí comhchosúla chugainn ag deireadh na bliana 2019 freisin ag Eurojust, an ghníomhaireacht AE le freagracht as tacaíocht a thabhairt don chomhordú agus comhar idir na húdaráis bhreithiúnacha inniúla sna Ballstáit AE agus dá bhfeabhsú faoi chúrsaí a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe thromchúiseach.

@EU_EDPS

#EDPS takes on a new supervisory role at Eurojust - A new supervisory framework for the processing of personal data at the EU Agency for Criminal Justice Cooperation (Eurojust) comes into force today. Read press release europa.eu/!qG87gn

Is cinnte go mbeidh an tslándáil phoiblí fós mar ábhar beartais tábhachtach don Aontas Eorpach sna blianta amach romhainn, agus tá rún daingean againn a áirithiú gur féidir leis an Aontas Eorpach slándáil fheabhsaithe a ghnóthú gan srian míchuí a chur ar chearta cosanta sonraí daoine aonair. Dírítear ár róil ag Europol agus ag Eurojust dá réir ar éifeachtacht oibriúcháin fheabhsaithe a áirithiú, agus go dtugtar dóthain cosanta do chearta bunúsacha, lena n-áirítear na cearta ar chosaint agus ar phríobháideachas sonraí.

## 2.2 Treoir agus comhairle a sholáthar

Is tosaíocht don reachtóir AE é slándáil na dteorainneacha AE a fheabhsú, agus is amhlaidh a bheidh sna blianta amach romhainn. Coinníonn MECS air dá réir ag soláthar comhairle agus treorach don Choimisiún Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi thionscnaimh nua sa limistéar sin; agus oibríonn freisin le ÚCSanna náisiúnta agus le hinstitiúidí AE chun slándáil leanúnach na gcóras faisnéise AE a áirithiú.

Cé go dtuigimid go bhfuil gá le tuilleadh slándála san AE, níor cheart go gcuirfeadh sé seo isteach ar chosaint agus ar phríobháideachas sonraí. Is é an aidhm a bhíonn ag Tuairimí MECS go léir faoi thograí cosúil le comhaontú AE-SAM ar rochtain thrasteorann ar fhianaise leictreonach (an EU-US agreement on cross-border access to electronic evidence) agus Orduithe Eorpacha chun fianaise leictreonach a thabhairt ar aird agus a bhuanchoimeád faoi chúrsaí coiriúla, chun a áirithiú go dtugtar cosaint do chearta sonraí pearsanta na ndaoine aonair i gceist agus do theorainneacha AE araon.

Ina theannta sin, leanamar ar aghaidh leis an dlúthchomhar le ÚCSanna chun maoirseacht éifeachtach agus chomhordaithe bhunachar sonraí mórscála TF an Aontais a áirithiú, a úsáidtear chun tacú le beartais AE maidir le tearmann, bainistiú teorainneacha, comhar póilíneachta agus imirce.

Ina theannta sin, rinneamar iarracht na huirlisí a sholáthar do lucht ceaptha beartais chun cuidiú le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na mbeart AE molta a rachadh i bhfeidhm ar chearta bunúsacha chun príobháideachais agus do chosaint na sonraí pearsanta leis an gCairt um Chearta Bunúsacha. D'fhoilsíomar ár Guidelines on assessing proportionality (Treoirlínte chun comhréireacht a mheasúnú) an 19 Nollaig 2019. I dteannta lenár Necessity Toolkit (Foireann Uirlisí Éigeantais), soláthraítear leis na Treoirlínte seo treoir phraiticiúil do lucht ceaptha beartais chun cuidiú le simpliú na ndúshlán os a gcomhair chun measúnú a dhéanamh ar éigeantas agus ar chomhréireacht na dtograí beartais faoi leith, agus dá réir chun a áirithiú go dtugtar dóthain cosanta do chearta bunúsacha.

Ní bheidh ár dtreoir teoranta don lucht ceaptha beartais ámh. D'eisíomar Treoirlínte sa bhliain 2019 freisin maidir le róil agus coincheapa an rialtóra, an phróiseálaí agus na comhrialtóireachta, mar chuid d'iarracht na coincheapa sin a shoiléiriú, agus chun cuidiú leo siúd a oibríonn sna hinstitiúidí AE chun tuiscint níos fearr a fháil ar a róil agus chun rialacha cosanta sonraí a chomhlíonadh.

Ina theannta sin, díríodh béim shuntasach dár saothar sa bhliain 2019 ar fhorbairt agus comhroinnt an tsaineolais teicneolaíochta. Agus an cion mór dár ngnáthshaol laethúil ag brath faoin tráth seo ar úsáid na teicneolaíochta, is ríbhunúsach é an saineolas sin chun cosaint sonraí éifeachtach a áirithiú, agus bhí MECS ag iarraidh go comhsheasmhach a bheith i gceannas ar chomhroinnt na n-anailísí cuiditheacha faoi fhorbairtí teicneolaíochta.

Is lenár bhfoilseachán TechDispatch, a sheolamar i mí Iúil 2019, a rannchuidímid leis an gcomhphlé leanúnach maidir le teicneolaíochtaí nua agus cosaint sonraí. Dírítear gach eagrán ar theicneolaíocht éagsúil atá ag teacht chun cinn, agus bímid ag iarraidh faisnéis a sholáthar faoin teicneolaíocht féin, measúnú a dhéanamh ar a tionchar féideartha ar phríobháideachas agus cosaint sonraí, agus naisc le tuilleadh léitheoireachta faoin ábhar.

@EU_EDPS

#EDPS Website Evidence Collector receives Global #Privacy & #DataProtection Award for innovation at #ICDPPC2019! @W_Wiewiorowski The award emphasises that DPAs can approach enforcement tasks in technically sophisticated way to address new DP challenges europa.eu/!ph37BY

Tar éis an chéad bhabhta dár n-iniúchtaí cianda ar láithreáin ghréasáin institiúidí AE, ghlacamar an chéim an uirlis Website Evidence Collector (WEC) a chomhroinnt go poiblí, arna forbairt ag MECS. Tá an uirlis ar fáil ar láithreán gréasáin MECS agus ar an ardán comhshaothair cóid GitHub mar bhogearraí saor in aisce, agus ligeann sí do bhailiú na fianaise uathoibrithe ar phróiseáil sonraí pearsanta. Tá súil againn le comhroinnt an WEC go soláthróimid na huirlisí do ÚCSanna, gairmithe príobháideachais, rialtóirí sonraí agus forbróirí gréasáin chun tabhairt faoina n-iniúchtaí féin ar láithreáin ghréasáin.

Ar deireadh, leanamar ar aghaidh lenár saothar chun Internet Privacy Engineering Network (Líonra Innealtóireachta an Phríobháideachais Idirlín) (IPEN) a fhorbairt, ina dtugtar le chéile saineolaithe ó réimse limistéar éagsúil chun spreagadh a thabhairt d'fhorbairt na réiteach innealtóireachta ar fhadhbanna príobháideachais. Tá cúig bliana ann ó céadbhunaíodh é, agus tá IPEN in ann dul ar aghaidh thar chomhphlé níos ginearálta ar na saincheisteanna timpeall ar innealtóireacht príobháideachais agus i dtreo cur chuige níos saindírithe, ag díriú ar réitigh phraiticiúla a fhorbairt d'fhadhbanna innealtóireachta príobháideachais.

@EU_EDPS

Looking back on 5 years #EDPS #IPEN - The Internet Privacy Engineering Network (IPEN) aims to encourage privacy-friendly technological development through the promotion of state of the art practices in #privacy engineering

## 2.3 Cur chuige idirnáisiúnta don chosaint sonraí

Thug MECS roinnt mhaith ama agus fuinnimh le cúig bliana anuas d'fhorbairt cóineasaithe níos mó maidir le cosaint sonraí ar fud an domhain. Cé go mbíonn sonraí ag taisteal ar leibhéal idirnáisiúnta, thar theorainneacha, déantar cinneadh maidir le rialacha cosanta sonraí ar bhonn náisiúnta den chuid is mó go fóill, agus ar bhonn réigiúnach mar rogha.

Táimid tar éis a bheith ag obair ó thús deireadh na bliana 2019 lenár gcomhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun cosaint sonraí a phríomhshruthú i gcomhaontuithe idirnáisiúnta agus chun cosaint chomhsheasmhach sonraí pearsanta ar fud an domhain a áirithiú. D'oibríomar go dlúth le EDPB go sonrach ar ábhar na n-aistrithe sonraí idirnáisiúnta, ghlacamar rannpháirt san athbhreithniú ar an gcomhaontú Sciath Phríobháideachais d'aistrithe sonraí idir AE agus SAM, chomh maith le rannchuidiú EDPB leis an éisteacht i gcás Schrems ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ag díriú ar dhlíthiúlacht na gclásal conarthach caighdeánach maidir le haistrithe sonraí.

@EU_EDPS

#ePrivacy & its future developments discussed by experts from #EU institutions and national authorities at Berlin Group meeting - #EDPS @W_Wiewiorowski, #LIBE @BirgitSippelMEP, #EU2019FI @kpieti, #EC Peter Eberl, Berlin #DataProtection Commissioner Maja Smoltczyk

Chuireamar dlús lenár n-iarrachtaí freisin chun díospóireacht dhomhanda a chothú maidir leis an eitic dhigiteach. Ag cur leis an rath a bhí ar Chomhdháil Idirnáisiúnta 2018 na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí agus Príobháideachais, arna comhóstáil ag MECS sa Bhruiséil; rinneamar iarracht sa bhliain 2019 chun a chinntiú gur tháinig forás gan staonadh ar an díospóireacht faoin eitic san fhearann digiteach. Sheolamar dá réir sraith seimineár gréasáin, a d'fhoilsíomar mar phodchraolachán ar ár láithreán gréasáin. Díríodh gach seimineár gréasáin ar ábhar imní sonrach a aithníodh le linn na comhdhála, rud a cheadaigh dúinne an t-ábhar a thaiscéaladh go mionsonraithe.

Leanadh ar aghaidh leis an idirphlé faoin eitic dhigiteach freisin ag Comhdháil Idirnáisiúnta na bliana 2019, tríd an meitheal faoin Intleacht Shaorga, Eitic agus Cosaint Sonraí, agus trí eagrúchán ar imeacht tánaisteach MECS, a díríodh ar thionchar comhshaoil na dteicneolaíochtaí digiteacha.

## 2.4 Riarachán inmheánach

Coinníonn méid agus freagrachtaí MECS orthu ag méadú. Ba thosaíocht d'aonad MECS maidir le hAcmhainní Daonna, Buiséad agus Riarachán (HRBA) sa bhliain 2019 dá réir chun a áirithiú go mbíonn na hacmhainní iomchuí ag MECS chun tabhairt faoina thascanna. Áiríodh leis sin críochnú comórtais do shaineolaithe i limistéar na cosanta sonraí, agus foilsiú liosta ionadaithe óna dtarraingeofar baill foirne nua, chomh maith dlús a chur le hiarrachtaí chun spás oifige a uasmhéadú agus a fháil chun ionaid a fháil dár líon foirne atá ag fás.

Rinneamar iarracht freisin chun deiseanna foghlama agus forbartha a fheabhsú do gach ball foirne reatha, go háirithe trí thionscnamh cóisteála inmheánach a sheoladh. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn suntasach i limistéir an airgeadais agus an tsoláthair, le tabhairt isteach próiseas níos éifeachtúla le haghaidh oibríochtaí airgeadais; leanfaidh sé sin ar aghaidh mar limistéar chun obair a dhéanamh faoi sa bhliain 2020.

Agus tús á chur leis an sainordú nua, díreofar ár n-aird ar leanúint ar aghaidh le feabhsú na héifeachtúlachta sna próisis riaracháin, d'fhonn a áirithiú go bhfuil MECS dea-fheistithe chun freagairt do dhúshláin nua sa chosaint sonraí.

## 2.5 Cosaint sonraí a chur in iúl

Bíonn cumhacht agus tionchar na cumarsáide MECS ag formhéadú de shíor. Bíonn cumarsáid rí-éifeachtach chun a áirithiú go sroichfidh an fhaisnéis maidir le gníomhaíochtaí MECS an lucht féachana seachtrach ábhartha.

Agus spéis an phobail agus rannpháirtíocht le cosaint sonraí ag dul i méid, dhíríomar ár n-iarrachtaí cumarsáide sa bhliain 2019 chun cur le rath na mblianta roimhe sin, agus chun ár stádas a threisiú mar cheannaire idirnáisiúnta i réimse na cosanta sonraí a bhfuil ardmheas air. Bhain iarrachtaí leanúnacha thar roinnt limistéar leis sin, lenar áiríodh meáin ar líne, imeachtaí agus foilseacháin agus caidreamh seachtrach leis an bpreas agus leis na geallsealbhóirí.

Agus sainordú nua ar siúl anois, díreofar ár n-aird sa bhliain amach romhainn ar leanúint ar aghaidh le forbairt ár n-uirlisí cumarsáide chun tacú le cur chun feidhme rathúil na Straitéise nua, a fhoilseofar i mí an Mhárta 2020.

## 2.6 Eochairtháscairí Feidhmíochta 2019

Úsáidimid roinnt eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) chun cabhrú linn faireachán a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht. Áirithítear leis sin go bhfuilimid in ann ár ngníomhaíochtaí a choigeartú, más gá, chun tionchar ár gcuid oibre agus éifeachtúlacht na húsáide atá á baint as acmhainní againn a mhéadú. Léirítear inár KPInna na cuspóirí straitéiseacha agus an plean gníomhaíochta arna sainiú inár Straitéis 2015-2019.

Áirítear leis an scórchlár KPI thíos tuairisc ghairid ar gach KPI agus ar na torthaí amhail 31 Nollaig 2019. I bhformhór na gcásanna, déantar na torthaí sin a thomhas de réir spriocanna tosaigh.

D'éirigh linn sa bhliain 2019 na spriocanna a bhaint amach nó a shárú - le bearna mhór i roinnt cásanna - faoi mar a leagadh amach i sé cinn de na hocht KPI, cé nár éirigh le KPI 2 an sprioc shocraithe a bhaint amach.

Léirítear sna torthaí sin an toradh dearfach a chonaiceamar le cur chun feidhme na gcuspóirí straitéiseacha ábhartha i rith na bliana deireanaí den Straitéis 2015-2019.

Ar deireadh, ní féidir KPI 7 a thomhas sa bhliain 2019, óir nach ndéantar an suirbhé foirne ach amháin uair amháin gach dhá bhliain.

| EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA | | TORTHAÍ AMHAIL 31.12.2019 | SPRIOC 2019 |
|---|---|---|---|
| Cuspóir 1 - Cosaint Sonraí sa ré dhigiteach | | | |
| KPI 1<br><br>Táscaire inmheánach | An líon tionscnamh atá á n-eagrú nó á gcomheagrú ag MECS chun teicneolaíochtaí a chur chun cinn chun cosaint sonraí agus príobháideachais a fheabhsú | 9 dtionscnamh | 9 dtionscnamh |
| KPI 2<br><br>Táscaire Inmheánach & Seachtrach | An líon gníomhaíochtaí atá dírithe ar réitigh bheartais trasdisciplíneacha (inmheánacha & seachtracha) | 7 ngníomhaíocht | 8 ngníomhaíocht |
| Cuspóir 2 - Comhpháirtíocht dhomhanda a chruthú | | | |
| KPI 3<br><br>Táscaire Inmheánach | An líon cásanna ar pléadh leo ar leibhéal idirnáisiúnta (EDPB, CoE, OECD, GPEN, Comhdhálacha Idirnáisiúnta) ar chuir MECS saothar suntasach scríofa ar fáil lena n-aghaidh | 62 cás | 10 gcás |
| Cuspóir 3 – Tús a chur le caibidil nua i gCosaint Sonraí an Aontais Eorpaigh | | | |
| KPI 4<br><br>Táscaire Seachtrach | Líon tuairimí/tráchtanna a eisíodh mar fhreagra ar iarratais ar chomhairliúchán (COM, PE, an Chomhairle, ÚCSanna...) | 26 chomhairliúchán | 10 gcomhairliúchán |
| KPI 5<br><br>Táscaire Seachtrach | Leibhéal sástachta OCSanna/DPCanna/rialtóirí maidir le comhar le MECS agus treoir, lena n-áirítear sástacht na n-ábhar sonraí leis an oiliúint | 90% | 70% |
| Cumasóirí – Cumarsáid agus bainistiú acmhainní | | | |
| KPI 6<br><br>Táscaire Seachtrach | Líon leantóirí ar chuntais mheán sóisialta MECS (Twitter, LinkedIn, YouTube) | 40421 (L: 20357, T: 18424, Y: 1640) | Líon leantóirí ón mbliain roimhe sin + 10% |
| KPI 7<br><br>Táscaire Inmheánach | Leibhéal sástachta na Foirne | NEAMHBHAINTEACH | 75% |
| KPI8<br><br>Táscaire Inmheánach | Cur chun feidhme an bhuiséid | 91.69% | 90% |

## Teagmháil a dhéanamh le hinstitiúidí an aontais EORPAIGH

### Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad Eolais “Europe Direct” ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil anseo: https://europa.eu/european-union/contact_ga

### Ar an bhfón nó le ríomhphost

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach: Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:
– ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d’fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
– ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696, nó
– le ríomhphost, tríd an suíomh: https://europa.eu/european-union/contact_ga

## Eolas a fháil faoin aontas EORPACH

### Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa ag: https://europa.eu/european-union/index_ga

### Foilseacháin de chuid an Aontais

Is féidir leat foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh, idir cinn saor in aisce agus cinn a bhfuil praghas orthu, a íoslódáil nó a ordú ag: https://op.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna de na foilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d’ionad eolais áitiúil chun é sin a dhéanamh (féach https://europa.eu/european-union/contact_ga).

### Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar eolas dlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1952 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex ag: http://eur-lex.europa.eu

### Sonraí oscailte ón Aontas Eorpach

Is féidir teacht ar thacair shonraí ón Aontas Eorpach ag Tairseach Sonraí Oscailte an Aontais (http://data.europa.eu/euodp/ga). Is féidir sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce, ar bhonn tráchtála nó ar bhonn neamhthráchtála.

QT-AB-20-001-GA-C
ISBN 978-92-9242-537-1

**www.edps.europa.eu**

@EU_EDPS
EDPS
European Data Protection Supervisor

EDPS
EUROPEAN DATA PROTECTION SUPERVISOR

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh